**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/155 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Eanáir 2026**

**maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bó a athnuachan (sealbhóir an údaraithe: Volac International Ltd) agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/502**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, déantar foráil maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/502 ón gCoimisiún ([2]), údaraíodh ullmhóid arb é atá inti *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh ba déiríochta.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh ba déiríochta, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'cobhsaitheoirí fhlóra na stéige'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 18 Márta 2025 ([3]) go bhfuil an ullmhóid *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 fós sábháilte do bha déiríochta, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl an ullmhóid *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404, agus gur cheart a mheas go bhféadfadh sí a bheith ina híogróir craicinn agus riospráide, agus go meastar gur riosca é gach nochtadh tríd an gcraiceann nó tríd an gconair riospráide. Luaigh an tÚdarás nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú ná a fhorlíonadh, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht na mbreiseán. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbreiseán i gcomhthéacs an athnuachana ar an údarú. Níor mheas an tÚdarás go raibh gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.

(5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar thángthas orthu sa mheasúnú a rinneadh i dtaobh mhodh anailíse na hullmhóide *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs a n-údaruithe roimhe seo, measann an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([4]), níl gá le tuarascáil meastóireachta na Saotharlainne Tagartha dá réir sin.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/502 ón gCoimisiún an 24 Márta 2015 maidir le húdarú na hullmhóide *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh ba déiríochta (sealbhóir an údaraithe Micron Bio-System Ltd) (IO L 79, 25.3.2015, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/502/oj).

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2025;23:e9342. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9342.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj).

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.

(7) Mar thoradh ar athnuachan údarú na hullmhóide *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/502 a aisghairm.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaraithe**

Maidir le húdarú na hullmhóide a sonraíodh san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseáin 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'cobhsaitheoirí fhlóra na stéige', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/502.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe | Ainm shealbhóir an údaraithe | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | CFU/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige.** | | | | | | | | | |
| 4b1871 | Volac International Ltd | *Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid arb é atá inti *Saccharomyces cerevisiae* cerevisiae NCYC R404 ina bhfuil ar a laghad $1 \times 10^{10}$ CFU/g<br>Foirm sholadach<br>*Saintréithriú na substainte gníomhaí*<br>*Saccharomyces cerevisiae* NCYC R404.<br>*Modh anailíse* ([1])<br>Áireamh: Modh an doirte ar phláta agus úsáid á baint as agar de chlóraimfeineacól deastróis (CGYE) eastóscáin giosta - EN 15789<br>Sainaithint: Imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) – CEN / TS 15790 | Ba | - | $4.4 \times 10^8$ | | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>2. Úsáidfear an breiseán chun íosdáileog de na nithe seo a leanas a áirithiú: $1 \times 10^{10}$ ADC/ainmhí/lá.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh análaithe pearsanta agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 15 Feabhra 2036 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.